

RIALACHA NÓS IMEACHTA

CINNEADH Uimh. 18/2020 Ó CHOISTE NA RÉIGIÚN maidir le rochtain phoiblí ar dhoiciméid de chuid Choiste na Réigiún

TÁ BIÚRÓ CHOISTE NA RÉIGIÚN,

ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 15(3) de,

ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2001 maidir le rochtain phoiblí ar dhoiciméid de chuid Parlaimint na hEorpa, na Comhairle agus an Choimisiúin ⁽¹⁾,

ag féachaint do Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE ⁽²⁾,

ag féachaint do Rialacha Nós Imeachta Choiste na Réigiún, agus go háirithe Rial 78 díobh,

ag féachaint do Chinneadh Uimh. 64/2003 ó Bhiúró Choiste na Réigiún an 11 Feabhra 2003 maidir le rochtain phoiblí ar dhoiciméid de chuid Choiste na Réigiún ⁽³⁾,

ag féachaint do Chinneadh Uimh. 128/2003 ó Bhiúró Choiste na Réigiún an 17 Meitheamh 2003 maidir le rochtain phoiblí ar dhoiciméid de chuid Choiste na Réigiún tríd an gclár leictreonach doiciméad,

de bhrí go n-iarrann Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún, sa Dearbhú Comhpháirteach maidir le Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001, ar na hinstitiúidí eile rialacha inmheánacha a ghlacadh maidir le rochtain phoiblí ar dhoiciméid, agus na prionsabail agus na teorainneacha a leagtar amach sa Rialachán sin á gcur san áireamh ⁽⁴⁾,

de bhrí gur gá, ar mhaithe le trédhearcacht a éascú do shaoránaigh, a chumasc in aon chinneadh amháin liosta de dhoiciméid a bhfuil rochtain dhíreach orthu de bhun Rial 78(2) de Rialacha Nós Imeachta Choiste na Réigiún agus socruithe an Choiste maidir le feidhmiú cheart na saoránach chun rochtain a fháil ar dhoiciméid,

TAR ÉIS A CHINNEADH MAR LEANAS:

CAIBIDIL I

FORÁLACHA GINEARÁLTA

Airteagal 1

Tairbhíthe, raon feidhme agus cineálacha rochtana

1. Beidh ag gach saoránach den Aontas agus ag aon duine nádúrtha nó dlítheanach a chónaíonn nó a bhfuil a oifig chláraithe i mBallstát ceart rochtana ar dhoiciméid de chuid Choiste na Réigiún (“an Coiste”), faoi réir na bprionsabal, na gcoinníollacha agus na dteorainneacha a leagtar amach i Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 agus na bhforálacha sonracha a leagtar síos sa Chinneadh seo.
2. Chun críoch an Chinnidh seo, ciallaíonn an téarma “doiciméid de chuid an Choiste” aon inneachar de réir bhrí Airteagal 3(a) de Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 arna tharraingt suas nó arna fháil ag ceann de chomh-chomhlachtaí an Choiste nó ag Ardrúnaíocht an Choiste.
3. Déanfaidh an Coiste rochtain phoiblí ar dhoiciméid dá chuid a sholáthar tríd an gclár a leagtar síos i gCaibidil II agus arna iarraidh sin i gcomhréir le Caibidil III.

⁽¹⁾ IO L 145, 31.5.2001, lch. 43.

⁽²⁾ IO L 295, 21.11.2018, lch. 39.

⁽³⁾ IO L 160, 28.6.2003, lch. 96.

⁽⁴⁾ IO L 173, 27.6.2001, lch. 5.

CAIBIDIL II

CLÁR DE DHOICIMÉID AN CHOISTE

Airteagal 2

1. I gcomhréir le hAirteagal 11 agus le hAirteagal 12 de Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001, bunófar clár doiciméad laistigh den Choiste.
2. Maidir le doiciméid an Choiste atá luaite sa liosta atá i gceangal leis an gCinneadh seo agus maidir le doiciméid ar deonaíodh rochtain orthu faoi Chaibidil III den Chinneadh seo, beidh rochtain dhíreach ag saoránaigh orthu i bhfoirm leictreonach sa chlár.
3. Féadfaidh an Coiste a chinneadh doiciméid seachas na cinn a luaitear i mír 2 a áireamh sa chlár. Sa chás sin, cinnfidh an Coiste, mar gheall ar chineál gach doiciméid, an doiciméad a chur ar fáil go díreach do shaoránaigh i bhfoirm leictreonach sa chlár nó gan ach uimhir thagartha don doiciméad, an t-ábhar agus/nó tuairisc ghearr ar a inneachar agus an dáta a fuarthas é nó a tarraingíodh suas é agus a taifeadh sa chlár é a áireamh sa chlár.

CAIBIDIL III

NÓS IMEACHTA MAIDIR LE ROCHTAIN A IARRAIDH

*Airteagal 3***Doiciméid atá ar fáil ach iad a iarraidh**

A mhéid is féidir, beidh rochtain ag saoránaigh ar dhoiciméid nach luaitear sa liosta atá i gceangal leis an gCinneadh seo, arna iarraidh sin dóibh, faoi réir na dteorainneacha a leagtar síos in Airteagal 4 agus in Airteagal 9 de Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001.

*Airteagal 4***Iarratas tosaigh**

1. Tíolacadh:
 - 1.1. Cuirfear iarratais ar rochtain ar dhoiciméad chuig Ardrúnaíocht an Choiste i bhfoirm scríofa ar bith, lena n-áirítear i bhformáid leictreonach, i gceann de na teangacha a liostaítear in Airteagal 1 de Rialachán Uimh. 1/1958 lena gcinntear na teangacha atá le húsáid ag Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa ^(^o).
 - 1.2. Déanfar iarratais ar bhealach sách beacht agus beidh iontu go háirithe faisnéis lenar féidir an doiciméad nó na doiciméid a iarrtar a shaináithint mar aon le hainm agus sonraí teagmhála an iarratasóra.
 - 1.3. Mura mbeidh an t-iarratas sách beacht, iarrfaidh an Coiste ar an iarratasóir é a shoiléiriú agus cuideoidh sé leis nó léi déanamh amhlaidh; sa chás sin, ní thosóidh an tréimhse chun freagra a thabhairt go dtí go bhfaighidh an Coiste an fhaisnéis sin.
 - 1.4. I gcás athiarratais nó iarratais leanúnacha a bhaineann le doiciméid an-fhada nó a bhaineann le líon an-mhór doiciméad, féadfaidh an Coiste dul i gcomhairle leis an iarratasóir go neamhfhoirmiúil d'fhonn réiteach a fháil.
 - 1.5. Ní bheidh sé d'oibleagáid ar an iarratasóir cúiseanna a thabhairt maidir leis an iarratas.
2. Próiseáil:
 - 2.1. Déanfar iarratas ar rochtain ar dhoiciméad atá i seilbh an Choiste a sheoladh an lá céanna a chláraítear é chuig an bhfoireann atá freagrach as iarratais ar rochtain ar dhoiciméid a láimhseáil, agus admhóidh an fhoireann sin go bhfuarthas an t-iarratas, dréachtóidh sí freagra agus seachadfaidh sí an doiciméad laistigh den teorainn ama fhorordaithe.
 - 2.2. Má bhaineann an t-iarratas le doiciméad arna tharraingt suas ag an gCoiste a bhféadfadh feidhm a bheith ag ceann de na heisceachtaí a leagtar síos in Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 maidir leis, rachaidh an fhoireann atá freagrach as an gclár i dteagmháil le tionscnóir an doiciméid agus molfaidh sé nó sí, laistigh de chúig lá oibre, na bearta a bheidh le déanamh.

^(^o) IO P 017, 6.10.1958, lch. 385.

- 2.3. Más le doiciméid ó thríú páirtithe a bhaineann an t-amhras maidir le nochtadh, rachaidh an Coiste i gcomhairle leis na tríú páirtithe sin, ag tabhairt cúig lá oibre ar a laghad dóibh chun a seasamh a chur in iúl, d'fhonn a mheasúnú an bhfuil feidhm ag ceann de na heisceachtaí a leagtar síos in Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001.
 - 2.4. Má bhaineann an t-iarratas a chuirfear faoi bhráid an Choiste le doiciméad ó institiúid eile agus nár chuir an institiúid sin ar fáil é go poiblí fós, tabharfaidh an Coiste cúig lá oibre ar a laghad don institiúid atá freagrach as an doiciméad chun aon amhras atá uirthi maidir le nochtadh an doiciméid a chur in iúl.
 - 2.5. Mura bhfaighfear freagra ó na tríú páirtithe nó ón institiúid ónar tháinig an doiciméad faoin spriocdháta atá leagtha síos, leanfaidh an Coiste leis an nós imeachta.
3. Cinneadh:
- 3.1. I gcás ina ndeonófar rochtain ar an doiciméad a iarradh, déanfaidh an Coiste, laistigh de 15 lá oibre ón tráth a cláraíodh an t-iarratas, an doiciméad a iarradh a sholáthar don iarratasóir. Is faoi chúram Stiúrthóir Stiúrthóireacht A a bheidh na freagraí lena dtugtar rochtain ar na doiciméid a iarradh.
 - 3.2. I gcás ina ndiúltófar rochtain ar an doiciméad a iarradh, déanfaidh an Coiste, laistigh de 15 lá oibre ón tráth a cláraíodh an t-iarratas, fógra a thabhairt i scríbhinn don iarratasóir faoi na forais leis an diúltú iomlán nó páirteach agus cuirfidh sé ceart an iarratasóra chun iarratas daingniúcháin a dhéanamh in iúl dó nó di. Más rud é nach dtabharfaidh an Coiste freagra laistigh den teorainn ama fhorordaithe, beidh an t-iarratasóir i dteideal iarratas daingniúcháin a dhéanamh. Is faoi chúram an Ardrúnaí a bheidh na freagraí lena ndiúltófar go hiomlán nó go páirteach rochtain a fháil ar na doiciméid a iarradh.
 - 3.3. I gcásanna eisceachtúla, mar shampla i gcás iarratas a bhaineann le doiciméad an-fhada nó a bhaineann le líon an-mhór doiciméad, féadfar an teorainn ama dá bhforáiltear i mír 3.1 agus i mír 3.2 a fhadú 15 lá oibre, ar choinníoll go dtugtar fógra ina leith sin don iarratasóir roimh ré agus go dtugtar cúiseanna mionsonraithe leis sin.
 - 3.4. Féadfaidh Stiúrthóir Stiúrthóireacht A agus an tArdrúnaí a gcumhachtaí faoi seach a luaitear i mír 3.1 agus i mír 3.2 a tharmligean.

Airteagal 5

Iarratais daingniúcháin

1. Tíolacadh:
 - 1.1. Seolfar iarratais daingniúcháin chuig an gCoiste laistigh de 15 lá oibre ó diúltaíodh go hiomlán nó go páirteach rochtain a thabhairt ar an doiciméad a iarradh nó, in éagmais aon fhreagra ar an iarratas tosaigh, ó dhul in éag na tréimhse a bheidh socraithe don fhreagra.
 - 1.2. Déanfar na hiarratais daingniúcháin i gcomhréir leis na ceanglais fhoirmiúla chéanna is infheidhme maidir leis an iarratas tosaigh.

2. Próiseáil:

Beidh feidhm *mutatis mutandis* ag na forálacha a leagtar síos in Airteagal 4(2) den Chinneadh seo maidir le hiarratais daingniúcháin a phróiseáil; ní bheidh sé d'obleagáid ar an gCoiste, áfach, a admháil go bhfuarthas an t-iarratas daingniúcháin.

3. Cinneadh:

- 3.1. I gcás ina ndeonófar rochtain ar an doiciméad a iarradh, déanfaidh an Coiste, laistigh de 15 lá oibre ón tráth a cláraíodh an t-iarratas daingniúcháin, an doiciméad a iarradh a sholáthar don iarratasóir. Is faoi chúram an Uachtaráin a bheidh na freagraí lena dtabharfar rochtain ar na doiciméid a iarradh.
- 3.2. I gcás ina ndiúltófar rochtain ar an doiciméad a iarradh, déanfaidh an Coiste, laistigh de 15 lá oibre ón tráth a cláraíodh an t-iarratas daingniúcháin, fógra a thabhairt i scríbhinn don iarratasóir faoi na forais leis an diúltú iomlán nó páirteach agus cuirfidh sé an t-iarratasóir ar an eolas faoi na leigheasanna atá ar fáil dó nó di. Is faoi chúram an Uachtaráin a bheidh na freagraí lena ndiúltófar go hiomlán nó go páirteach rochtain a fháil ar na doiciméid a iarradh.
- 3.3. I gcásanna eisceachtúla, mar shampla i gcás iarratas daingniúcháin a bhaineann le doiciméad an-fhada nó a bhaineann le líon an-mhór doiciméad, féadfar an teorainn ama dá bhforáiltear i mír 3.1 agus i mír 3.2 a fhadú 15 lá oibre, ar choinníoll go dtugtar fógra ina leith sin don iarratasóir roimh ré agus go dtugtar cúiseanna mionsonraithe leis sin.
- 3.4. Féadfaidh an tUachtarán na cumhachtaí a luaitear i mír 3.1 agus i mír 3.2 a tharmligean.

*Airteagal 6***Leigheasanna**

I gcás ina ndiúltoídh an Coiste rochtain a dheonú go hiomlán nó go páirteach ar dhoiciméad tar éis iarratas daingniúcháin a fháil nó i gcás ina mainneoidh sé freagra a thabhairt laistigh den teorainn ama fhorordaithe, beidh an deis ag an iarratasóir imeachtaí cúirte a thionscnamh i gcoinne an Choiste agus/nó gearán a dhéanamh leis an Ombudsman Eorpach faoi na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 263 agus in Airteagal 228 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh faoi seach.

*Airteagal 7***Doiciméid a eisiúint agus costas an fhreagra**

1. Doiciméid a eisiúint
 - 1.1. Tá doiciméid le soláthar i bhfoirm páipéir, nó i bhformáid leictreonach, agus aird iomlán á tabhairt ar rogha an iarratasóra.
 - 1.2. Más rud é gur eisigh an Coiste nó institiúid eile doiciméad cheana féin agus go bhfuil rochtain éasca air, féadfaidh an Coiste rochtain ar an doiciméad a éascú tríd an iarratasóir a chur ar an eolas faoi conas an doiciméad a iarradh a fháil.
2. Costas an fhreagra

Is féidir an costas a bhaineann le táirgeadh nó seoladh 20 leathanach A4 nó níos mó a ghearradh ar an iarratasóir. Ní fhéadfaidh an costas sin dul thar fhíorchostas an bhirt sin. Má dhéantar an doiciméad a sholáthar i bhformáid leictreonach, ní ghearrfar aon táille air sin.

CAIBIDIL IV

FORÁLACHA CRÍOCHNAITHEACHA*Airteagal 8***Bearta cur chun feidhme**

Cuirfear de chúram ar an Ardrúnaí na bearta is gá a chur chun feidhme lena áirithiú go gcuirfear an Cinneadh seo i bhfeidhm.

*Airteagal 9***Cinneadh Uimh. 64/2003 agus Cinneadh Uimh. 128/2003 a aisghairm**

Leis an gCinneadh seo aisghairtear Cinneadh Uimh. 64/2003 ó Bhiúró Choiste na Réigiún an 11 Feabhra 2003 maidir le rochtain phoiblí ar dhoiciméid de chuid Choiste na Réigiún agus Cinneadh Uimh. 128/2003 ó Bhiúró Choiste na Réigiún an 17 Meitheamh 2003 maidir le rochtain phoiblí ar dhoiciméid de chuid Choiste na Réigiún tríd an gclár leictreonach doiciméad.

*Airteagal 10***Teacht i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 9 Deireadh Fómhair 2020.

Thar ceann Bhiúró Choiste na Réigiún
Apostolos TZITZIKOSTAS
An tUachtarán

ANNEX

Liosta de dhoiciméid Choiste na Réigiún a bhfuil rochtain dhíreach ag an bpobal orthu**1. Doiciméid a bhaineann le hobair pholaitiúil**

Iarrataí agus cúiseanna le tuairim féintionscnaimh a tharraingt suas

Leithdháileadh na ndoiciméad comhairliúcháin

Dréacht-tuairimí na gcoimisiún téamach

Dréacht-tuairimí ionchais na gcoimisiún téamach

Dréacht-tuarascálacha na gcoimisiún téamach

Dréacht-tuarascálacha ionchais na gcoimisiún téamach

Dréachtrúin na gcoimisiún

Meamraim faisnéise arna gcur ar fáil do chomhaltaí le linn cruinnithe de na coimisiúin

Leasuithe ar dhréacht-tuairimí na gcoimisiún

Leasuithe ar dhréacht-tuairimí ionchais na gcoimisiún

Leasuithe ar dhréacht-tuarascálacha na gcoimisiún

Leasuithe ar dhréacht-tuarascálacha ionchais na gcoimisiún

Leasuithe ar dhréachtrúin na gcoimisiún

Dréacht-tuairimí arna gcur faoi bhráid na seisiún iomlánach

Dréacht-tuairimí ionchais arna gcur faoi bhráid na seisiún iomlánach

Dréacht-tuarascálacha arna gcur faoi bhráid na seisiún iomlánach

Dréacht-tuarascálacha ionchais arna gcur faoi bhráid na seisiún iomlánach

Dréachtrúin arna gcur faoi bhráid na seisiún iomlánach

Meamraim faisnéise/Nótaí cúlra arna gcur faoi bhráid na seisiún iomlánach

Leasuithe ar dhréacht-tuairimí arna gcur faoi bhráid na seisiún iomlánach

Leasuithe ar dhréacht-tuairimí ionchais arna gcur faoi bhráid na seisiún iomlánach

Leasuithe ar dhréacht-tuarascálacha arna gcur faoi bhráid na seisiún iomlánach

Leasuithe ar dhréacht-tuarascálacha ionchais arna gcur faoi bhráid na seisiún iomlánach

Leasuithe ar dhréachtrúin arna gcur faoi bhráid na seisiún iomlánach

Taifid ar imeachtaí na seisiún iomlánach

Tuairimí Choiste (Eorpach) na Réigiún

Tuairimí ionchais Choiste (Eorpach) na Réigiún

Tuarascálacha na gcoimisiún ina bhfuil na cúiseanna le caingean a thabhairt maidir le sárú phrionsabal na coimhdeachta nó mainneachtain comhairliúchán éigeantach a dhéanamh leis an gCoiste

Tuarascálacha Choiste (Eorpach) na Réigiún

Tuarascálacha ionchais Choiste (Eorpach) na Réigiún

Rúin Choiste (Eorpach) na Réigiún

Cinntí gan tuairim a tharraingt suas

2. Doiciméid a bhaineann le heagrú agus feidhmiú chomhlachtaí cinnteoireachta an Choiste

Dréachtaí de na Rialacha Nós Imeachta

Leasuithe ar na dréachtaí de na Rialacha Nós Imeachta

Rialacha Nós Imeachta

Tuarascálacha maidir leis an athbhreithniú ar na Rialacha Nós Imeachta

Cinntí na seisiún iomlánach maidir le toghadh chomhaltaí an Bhiúró

Cinntí na seisiún iomlánach maidir le coimisiún a chur ar bun

Cinntí an Bhiúro maidir le meithleacha, comhchoistí comhairliúcháin, grúpaí idir-réigiúnacha, tascfhórsaí agus comhlachtaí polaitiúla eile a chur ar bun

Cinntí na seisiún iomlánach maidir le hainmniú an Uachtaráin

Cinntí na seisiún iomlánach maidir le hainmniú an chéad Leas-Uachtaráin

3. Doiciméid a bhaineann le straitéis pholaitiúil an Choiste

Dréacht-dearbhuíthe

Dearbhúithe

Tuarascálacha meastóireachta bliantúla

Tuarascálacha meastóireachta deireadh téarma

Achoimrí feidhmiúcháin agus tuarascálacha ar thionchar na dtuairimí ón gCoiste

Achoimrí feidhmiúcháin agus tuarascálacha bliantúla ar ghníomhaíochtaí

Tosaíochtaí polaitiúla

Cláir pholaitiúla tús téarma

Cláir oibre choimisiúin théamacha an Choiste

4. Doiciméid a bhaineann le hobair chomhlachtaí an Choiste

Doiciméid de chuid an Bhiúro

Comhdhéanamh

Fógraí cruinnithe

Dréachtchláir oibre

Liostaí na rannpháirtithe

Meamraim an Bhiúro

Féilirí na gcruinnithe

Miontuairiscí

Comhdháil na nUachtarán

Cláir oibre

Doiciméid na seisiún iomlánach

Fógraí cruinnithe

Dréachtchláir oibre

Miontuairiscí

Liostaí na rannpháirtithe

Ráitis agus óráidí ó aoichainteoirí

Doiciméid choimisiúin théamacha an Choiste (de bhreis orthu siúd a luaitear faoi phointe 1), na gcomhchoistí comhairliúcháin, na meithleacha, na ngrúpaí idir-réigiúnacha, na dtascfhórsaí agus chomhlachtaí polaitiúla eile an Choiste

Tosaíochtaí polaitiúla (mar a áirítear iad i bpleananna gníomhaíochta agus i gcláir oibre)

Cláir pholaitiúla tús téarma

Tuarascálacha ar ghníomhaíochtaí agus tuarascálacha téamacha

Moltaí

Comhdhéanamh

Fógraí cruinnithe

Dréachtchlár oibre
Miontuairiscí
Liostaí na rannpháirtithe
Tograí le haghaidh gníomhaíochtaí seachtracha
Cur i láthair a bhaineann le díospóireachtaí téamacha nó le tuairimí

Uachtaránacht

Ráitis agus óráidí ón Uachtarán
Ráitis agus óráidí ó na Leas-Uachtaráin

Comhaltaí

Ceapadh comhaltaí
Litreacha ó chomhaltaí atá ag éirí as oifig
Deireadh théarma oifige na gcomhaltaí
Dearbhú maidir le leasanna airgeadais na gcomhaltaí

Caiteachas agus liúntais

Rialacha maidir le haisíocaíocht speansas taistil agus íocaíocht liúntas taistil agus cruinnithe ar ráta comhréidh le comhaltaí

Doiciméid na ngrúpaí polaitiúla

Bunú grúpaí
Cruinnithe idir cathaoirligh na gcoimisiún agus Uachtarán an Choiste
Fógraí cruinnithe
Clár oibre

Seimineáir agus comhdhálacha

Fógraí faoi chruinnithe, faoi sheimineáir agus faoi chomhdhálacha
Doiciméid leantacha

5. Doiciméid líonraí agus ardáin an Choiste

An Ghrúpáil Eorpach um Chomhar Críochach (GECC)

Clár
Cinntí náisiúnta

An Líonra um Fhaireachán ar an gCoimhdeacht

Clár oibre um choimhdeacht
Tuarascálacha bliantúla maidir le coimhdeacht
Staidéir
Clár oibre na gcomhdhálacha coimhdeachta
Bróisiúir
Tuarascálacha comhairliúcháin
Rannhuidiú ó chomhpháirtithe an Líonra um Fhaireachán ar an gCoimhdeacht

Ardán Eoraip 2020

Tuarascálacha faireacháin
Liostaí na gcomhaltaí

An tArdán maidir le roinnt na gcumhachtaí

Staidéir maidir le roinnt na gcumhachtaí

6. Doiciméid a bhaineann le cumarsáid agus taighde**Doiciméid straitéiseacha**

Straitéisí Cumarsáide an Choiste

Pleananna bliantúla gníomhaíochta i réimse na cumarsáide

Tuarascálacha bliantúla cumarsáide (maidir le gníomhaíochtaí ón mbliain roimhe sin)

Doiciméid eile

Preaseisiúintí

Nuachtlitreacha leictreonacha (arna ndáileadh tríd an tseirbhís síntiúis atá ar fáil ar leathanach baile an tsuímh gréasáin)

Eagrú imeachtaí (comhdhálacha, cruinnithe comhchéime, éisteachtaí poiblí, ceardlanna, etc.)

Fógraí faoi chruinnithe (comhdhálacha, cruinnithe comhchéime, éisteachtaí poiblí, ceardlanna, etc.) atá ar oscailt don phobal

Eolas do chomhaltaí maidir le himeachtaí arna n-eagrú ag an gCoiste

Cláir/cláir oibre d'imeachtaí arna n-eagrú ag an gCoiste

Achoimrí/anailísí/meastóireachtaí ar imeachtaí arna n-eagrú ag an gCoiste

Staidéir arna ndéanamh ag an gCoiste

Staidéir

Cláir taighde an Bhiúró

Treoracha le haghaidh na gcomhaltaí

Treoir le haghaidh na rapóirtéirí

Treoir le haghaidh na gcomhaltaí

7. Doiciméid a bhaineann le caidreamh le tríú páirtithe

Comhaontuithe comhair

Comhfhreagras le hinstiúidí agus comhlachtaí Eorpacha agus idirnáisiúnta

Comhfhreagras leis na Ballstáit

Comhfhreagras le húdaráis áitiúla agus réigiúnacha

Comhfhreagras le heagraíochtaí idirnáisiúnta

Comhfhreagras le comhlachais

Comhfhreagras leis na Grúpálacha Eorpacha um chomhar críochach

8. Doiciméid a bhaineann le riarachán, pleanáil agus tuairisciú an Choiste**Earcú agus tréimhsí oiliúna**

Fógraí folúntais

Ráitis phríobháideachais a bhaineann le hearcú oifigeach, le saineolaithe náisiúnta ar iasacht a thabhairt ar iasacht agus le tréimhsí oiliúna

Rialacha is infheidhme maidir le saineolaithe náisiúnta atá ar iasacht chuig an gCoiste

Rialacha lena rialaítear scéimeanna tréimhsí oiliúna an Choiste

Rialacha maidir le ranníocaíocht airgeadais i leith na speansas taistil arna dtabhú go hiarbhír ag tús agus ag deireadh na dtréimhsí oiliúna ag gnáthoilíunaithe ranna an Choiste

Nósanna imeachta tairisceana

Coinníollacha ginearálta le haghaidh orduithe ceannaigh (conarthaí ar luach íseal)

Ráiteas príobháideachais a bhaineann le nósanna imeachta um sholáthar poiblí

Fógraí conartha arna bhfoilsíú san Iris Oifigiúil

Fógraí dámhachtana arna bhfoilsíú san Iris Oifigiúil

Foilsíú *ex ante* conarthaí ar luach íseal agus ar mheánluach atá ar na bacáin

Liosta na gconarthaí ar luach íseal agus ar mheánluach a shínigh an Coiste an bhliain roimhe sin

Liosta de chonarthaí sonracha agus foirmeacha ordaithe bunaithe ar chreachonradh a shínigh an Coiste an bhliain roimhe sin

Rialacha maidir le sceithireacht agus dearbhuithe maidir le gníomhaíochtaí seachtracha na n-oifigeach sinsearach

Ráiteas príobháideachais maidir le cosaint sonraí le linn próisis sceithireachta

Rialacha maidir le sceithireacht

Socruithe riaracháin idir an Coiste agus OLAF

Faisnéis bhliantúil maidir le gníomhaíochtaí gairme na n-iaroifigeach sinsearach
